Feis Charn Tóchair

Celebration of culture and revival of our language in Co. Derry.

Sunday 18th May 2025

Coiste Forbartha Charn Tóchair

Registration Deadline
Friday 18th April

Contents

RULES & GUIDELINES 2
Poetry recitation competition: 2
Scholarship Competition: 2
Fáinne Competition 2
Conversation Competition: 2
Art Competition: 2
Writing Competition: 3
Writing Competition: (Poetry) 3
Agallamh Beirte 3
Traditional Music Competition. 3
Registrations 5

List of competitions 6
Poetry Recital Competitions 6
SCHOLARSHIP COMPETITIONS (Conversation) 8
FÁINNE COMPETITION 8
CONVERSATION COMPETITIONS (Naíscoileanna & Gaelscoileanna) 8
ART COMPETITION 9
WRITING COMPETITIONS 10
Filíocht 10
TRADITIONAL MUSIC COMPETITION 11
FÁINNE COMPETITION: 14
CHOICE OF POEMS for Irish-medium Schools 16
SELECTION OF POEMS for Primary Schools 28
CHOICE OF POEMS FOR SECONDARY SCHOOLS 32

RULES & GUIDELINES

Poetry recitation competition:

A selection of poems have been made available in this Feis programme for all age groups. Participants are, however, welcome to say another poem of their choice if this is more appropriate for them, as long as the poem is in Irish. A wonderful resource, "Fonn le Filíocht", is available on www.ccea.org.uk and used by a number of schools. All schools are welcome to choose poems from "**Fonn le Filíocht**".

Scholarship Competition:

Part-provision of up to £150 is available in each section of this competition*.
An scrudú béil A conversation exam is required to obtain a scholarship.

Fáinne Competition:

The Fáinne is a common cross-cultural symbol representing unity and continuity. It does not have a beginning or an end, nor any division, and reflects complementarity and eternity. The Fáinne competition is open to secondary school students and adults. During this competition the adjudicator will have a conversation with each entrant. An example of the questions and the format of the competition is available in the syllabus.

Conversation Competition:

This competition gives parents with children of all ages a great opportunity to experience how Irish-medium education can provide real bilingualism.

What is the Conversation Competition?
In this competition the adjudicator speaks informally to each child in Irish on a range of themes; what they, their family, school life and friends like and dislike. This competition gives parents an insight into how much Irish their children have and how much Irish they understand. Sometimes it will happen that the youngest children will give answers in English, but this shows that the child understood the question asked in the first place. This is an achievement in itself that should be proud of.
Criteria: Children's confidence and communication skills will be judged, **not** the amount of Irish they have or the child's standard of Irish.

Art Competition:

The themes and sections of the art competition are set out in the syllabus. Make sure the entries are made on a paper page no larger than A3. **If there is any writing on the pictures make sure it is in Irish**. You MUST add the following information to back of picture:

Name
Competition number
School
Class
Contact Number

Send entries for the art competition to An Carn before
Wednesday 30th 2025

Writing Competition: (short story, newspaper article, diary)

A short story, a newspaper article or a diary in Irish ranging from 150 to 500 words.
At primary level, the pieces can be handwritten. At secondary level the pieces must be printed with double spacing between the lines.

Closing date: **Wednesday 30th 2025**

Accuracy & Richness in Irish*

* Applies to Key Stage 5 only.

There will be no cost of entering the writing competition in 2025.

Writing Competition: (Poetry)

Only one poem per student can be entered for this section.
Theme: open choice. The poem must be in Irish.

At primary level, the poems can be handwritten.

At secondary level, the poems must be printed with double spacing between the lines.
There must be at least four verses.

Closing date: **Wednesday 30th 2025**

There will be no cost to enter the writing competition in 2025.

Agallamh Beirte

Sdkljgbvln asl'i

Traditional Music Competition.

The Traditional Music Competition consists of 12 sections: *fiddle, tin whistle, flute, banjo/mandolin, concertina, accordion, harp, bodhrán, guitar, traditional singing, traditional music group* and *school choir competition*.

Traditional Singing Section: Students are welcome to sing songs of their choice as long as it is in Irish.

Solo Instrumental
All pupils between R1-R5 are required to play only one tune for the individual competitions. Everyone over Rang 5 will need a set of 2 tunes. One tune from two different rhythms, i.e. reel & hornpipe or hornpipe & jig etc.
Anyone who is taking part in the bodhrán competition must arrange their own music to accompany them. If it is not possible to arrange your own music please indicate this when registering and we will do our best to accommodate you.

Traditional Music Group: the group must consist of at least three people and must be have at least two different instruments. A full set must be made with three tunes of their choice.

School Choir Competition: This can be accompanied or without accompaniment. Each school will be responsible for providing their own accompacon (if they need it). Each school must sing two songs in Irish of their choice; slow air and fast air.
Entry cost: £10 per choir.

Registrations

All online entries are at ancarn.org/whats-on/feis2024

Please contact us if you wish to register a group.

All competition times will be notified prior to Feis.

028 7954 9978

eolas@ancarn.org

Entries for competitions will not be accepted later than:
Friday 18th April 2025

List of competitions

Poetry Recital Competitions

Gaelscoileanna

GS01 Poem Rang 1 selection of poems on p18

GS02 Poem Rang 2 selection of poems on 18

GS03 Poem Rang 3 selection of poems on 19

GS04 Poem Rang 4 selection of poems on 20

GS05 Poem Rang 5 selection of poems on 21

GS06 Poem Rang 6 selection of poems on 22 & 23

GS07 Poem Rang 7 selection of poems on 24 & 25

Naíscoileanna Gaeilge

GS08 Poem (open choice)

Primary Schools (English Medium)

1. Dán Primary 1 selection of poems on p26
2. Dán Primary 2 selection of poems on p 26
3. Dán Primary 3 selection of poems on p 27
4. Dán Primary 4 selection of poems on p 27
5. Dán Primary 5 selection of poems on p 28
6. Dán Primary 6 selection of poems on p 28
7. Dán Primary *7* selection of poems on p 29

Secondary School

Bliain 8	Selection of poems on p 30
Bliain 8	(Past pupils of bunscoil) selection of poems on p 30
Bliain 9	Selection of poems on p 31
Bliain 9	(Past pupils of bunscoil) selection of poems on p 31
Bliain 10	Selection of poems on p 32 & 33
Bliain 10	(Past pupils of bunscoil) selection of poems on p 32 & 33
Bliain 11	Selection of poems on p 34 & 35
Bliain 12	Selection of poems on p 36 & 37
Bliain 13	Poem: Open Choice

SCHOLARSHIP COMPETITIONS (Conversation)

8. Scholarship exam - Year. 8
9. Scholarship exam Year 8 Past pupils of bunscoil
10. Scholarship exam - Year. 9
11. Scholarship exam Year 9 Past pupils of bunscoil
12. Scholarship exam - Year. 10
13. Scholarship exam Year 10 Past pupils of bunscoil
14. Scholarship exam - Year.11
15. Scholarship exam Year 11 Past pupils of bunscoil
16. Scholarship exam - Year. 12
17. Scholarship exam Year 12 Past pupils of bunscoil
18. Scholarship exam - Year. 13

FÁINNE COMPETITION

19. Fáinne Airgid Silver Fáinne
20. Fáinne Óir Gold Fáinne
21. Cúpla Focal (A Few Words)

CONVERSATION COMPETITIONS (Naíscoileanna & Gaelscoileanna)

GS09	Naíscoil:
GS10	Rang 1
GS11	Rang 2
GS12	Rang 3
GS13	Rang 4
GS14	Rang 5
GS15	Rang 6
GS16	Rang 7

ART COMPETITION

22.	Naíscoil	Theme: Open Choice
23.	Bunscoil (Primary)= bl.1- 2	Theme: Open Choice
24.	Bunscoil (Primary)= bl.3- 4	Theme: Open Choice
25.	Bunscoil (Primary)= bl. 5-7	Theme: Open Choice
26.	Bliain 8 - 10	Theme: Open Choice
27.	Bliain 11 - 12	Theme: Open Choice
28.	Bliain 13 -14	Theme: Open Choice

WRITING COMPETITIONS

Comórtas do Ghaelscoileanna

GS17 Rang 3 – Rang 4

GS18 Rang 5 – Rang 7

29. Key Stage 3 (Competition for previous Past pupils of Bunscoil)

30. Key Stage 3 (For students learning Irish)

31. Key Stage 4 (Competition for previous Past pupils of Bunscoil)

32. Key Stage 4 (For students learning Irish)

33. Key Stage 5 (Open for all)

Filíocht

34. Rang 5 – Rang 7

35. Key Stage 3 (Competition for Past pupils of Bunscoil)

36. Key Stage 3 (For students learning Irish)

37. Key Stage 4 (Competition for Past pupils of Bunscoil)

38. Key Stage 4 (For students learning Irish)

39. Key Stage 5 (Open for all)

TRADITIONAL MUSIC COMPETITION

* Please refer to the rules and guidelines on page 3.

Fiddle

40.	Rang 4 - Rang 5	Theme: Open Choice
41.	Rang 6 – Rang 7	Theme: Open Choice
42.	Bliain 8 – Bliain 10	Theme: Open Choice
43.	Bliain 11 – Bliain 14	Theme: Open Choice

Traditional singing (trí Ghaeilge)

44.	Rang 1 – Rang 2	Theme: Open Choice
45.	Rang 3 – Rang 4	Theme: Open Choice
46.	Rang 5 – Rang 7	Theme: Open Choice
47.	Bliain 8 – Bliain 10	Theme: Open Choice
48.	Bliain 11 – Bliain 14	Theme: Open Choice

Tin Whistle

49.	Rang 2	Theme: Open Choice
50.	Rang 3 – Rang 4	Theme: Open Choice
51.	Rang 5 – Rang 7	Theme: Open Choice
52.	Bliain 8 – Bliain 10	Theme: Open Choice
53.	Bliain 11 – Bliain 14	Theme: Open Choice

Flute

54.	Rang 4 – Rang 5	Theme: Open Choice
55.	Rang 6 – Rang 7	Theme: Open Choice
56.	Bliain 8 – Bliain 10	Theme: Open Choice
57.	Bliain 11 – Bliain 14	Theme: Open Choice

* Please refer to the rules and guidelines on page 3.

Accordian

58. Rang/Primary 4 & 5 — Theme: Open Choice
59. Rang/Primary 6 &7 — Theme: Open Choice
60. Bliain 8 – Bliain 10 — Theme: Open Choice
61. Bliain 11 – Bliain 14 — Theme: Open Choice

Consairtín

62. Rang/Primary 4 & 5 — Theme: Open Choice
63. Rang/Primary 6 –7 — Theme: Open Choice
64. Bliain 8 – Bliain 10 — Theme: Open Choice
65. Bliain 11 – Bliain 14 — Theme: Open Choice

Banjo / Maindilín

66. Rang/Primary 4 & 5 — Theme: Open Choice
67. Rang/Primary 6 –7 — Theme: Open Choice
68. Bliain 8 – Bliain 10 — Theme: Open Choice
69. Bliain 11 – Bliain 14 — Theme: Open Choice

Bodhrán

70. Rang/Primary 4 & 5 — Theme: Open Choice
71. Rang/Primary 6 –7 — Theme: Open Choice
72. Bliain 8 – Bliain 10 — Theme: Open Choice
73. Bliain 11 – Bliain 14 — Theme: Open Choice

Guitar

74. Rang/Primary 4 & 5 — Theme: Open Choice
75. Rang/Primary 6 –7 — Theme: Open Choice
76. Bliain 8 – Bliain 10 — Theme: Open Choice
77. Bliain 11 – Bliain 14 — Theme: Open Choice

Harp

78. Rang/Primary 4 & 5 — Theme: Open Choice
79. Rang/Primary 6 –7 — Theme: Open Choice
80. Bliain 8 – Bliain 10 — Theme: Open Choice
81. Bliain 11 – Bliain 14 — Theme: Open Choice

* Please refer to the rules and guidelines on page 3.

Traditional Music Group
(One set, 3 tunes)

82. Primary/Rang 3 –7

83. Bliain 8 – Bliain 14

School Choir Competition

84. Gaelscoileanna / Bunscoileanna Béarla EC1

85. Gaelscoileanna / Bunscoileanna Béarla EC2

86. Meánscoileanna

FÁINNE COMPETITION:

Cúpla Focal	Answer 6 questions from Part A.
Fáinne Airgid	Cuid A – Answer every question. Cuid B – 6 questions to answer.
Fáinne Óir	Open conversation

Each competition lasts between 3 and 5 minutes

COMPETITION: Cúpla Focal

CUID A

1. Dia duit
2. Cad é an t-ainm atá ort?
3. Cén aois thú?
4. Déan cur síos ort féin
5. Cá bhfuil tú i do chónaí?
6. Cá mhéad atá i do chlann/theaghlach ?
7. An bhfuil peata agat?

FÁINNE COMPETITION: Choice of Questions (for teenagers)

CUID A

1. Dia duit
2. Cad é an t-ainm atá ort?
3. Cén aois thú?
4. Déan cur síos ort féin
5. Cá bhfuil tú i do chónaí?
6. Cá mhéad atá i do chlann/theaghlach ?
7. An bhfuil peata agat?

CUID B

8. Cá ndeachaigh tú ar laethanta saoire anuraidh?
9. Cad é mar a bhí an aimsir?
10. Cad é a rinne tú gach lá?
11. An rachaidh tú ar áis ar an bhliain seo chugainn?
12. Cad a rinne tú ag an deireadh seachtaine?
13. An raibh tú ag an phictiúrlann ag an deireadh seachtaine?
14. Cad é an caitheamh aimsire is fearr leat?
15. Déan cur síos ar do theach?
16. Cad iad na hábhair a dhéanann tú ar scoil?
17. Cad é an t-ábhar scoile is fearr leat? Cad chuige?
18. Cad é a dhéanfaidh tú amach anseo/ sa todhchaí?

COMPETITION OF THE FÁINNE: A Selection of Questions (for adults)

CUID A

1. Dia duit
2. Cad é an t-ainm atá ort?
3. Cén aois thú?
4. Déan cur síos ort féin
5. Cá bhfuil tú i do chónaí?
6. Cá mhéad atá i do chlann/theaghlach?
7. An bhfuil peata agat?

CUID B

8. Cá ndeachaigh tú ar laethanta saoire anuraidh?
9. Cad é mar a bhí an aimsir?
10. Cad é a rinne tú gach lá?
11. An rachaidh tú ar áis ar an bhliain seo chugainn?
12. Cad a rinne tú ag an deireadh seachtaine?
13. An raibh tú ag an phictiúrlann ag an deireadh seachtaine?
14. Cad é an caitheamh aimsire is fearr leat?
15. Déan cur síos ar do theach?
16. Cad é an jab/post atá agat?
17. Cén cuid den jab/post is fearr leat?
18. Cad chuige?
19. Cad é a dhéanfaidh tú amach anseo/ sa todhchaí?

CHOICE OF POEMS for Irish-medium Schools

Naíscoil

Participants are, welcome to say another poem of their choice if this is more appropriate for them, as long as the poem is in Irish.

Dhá éan bheag

Dhá éan bheag
Ina suí ar an Bhalla

Ceann acu Peadar
Ceann acu Pól

Imigh leat a Pheadair
Imigh leat a Phóil

Tar ar ais a Pheadair
Tar ar ais a Phóil

Rang 1

Please choose from one of the following poems for recital:

Ní Dhearna Mamaí Pháidín

Ní dhearna Mamaí Pháidín
Tóirtín úll don tae,
Mar chuala sí ó Áine
Gur mharaigh Páidín gé.

'Go deimhin', arsa Páidín,
'Níor mharaigh mise gé,
Ach phrioc an gandal dána mé
Is bhuail mé é!'

Aon, Dó, Muc is Bó

Aon, dó, Muc is bó,
Trí, ceathair, Bróga leathair,
Cúig, sé, Cupán tae.
Seacht, ocht, Seanbhean bhocht,
Naoi, deich, Pingin go leith.

Frogannaí Beaga Glasa

Frogannaí beaga glasa,
Frogannaí beaga buí;
Frogannaí beaga glasa,
is Mamaí Frog ina suí;
Daidí Frog ina sheasamh,
Is maide ina lámh,
Ag taispeáint do na frogannaí,
Cén dóigh le snámh!

Rang 2

Please choose from one of the following poems for recital:

An Fhearthainn

Tá an fhearthainn ag titim
Ag titim go trom
Ag titim go trom
Anuas ar mo cheann
Ní maith liom an fhearthainn
Mar fliuchann sí mé
Agus caithfidh mé fanacht istigh
'Rith an lae

Luchóga Beaga Buí

A haon, a dó, a trí
Luchóga beaga buí
Ag ithe píosa cáise
I ngan fhios d'fhear a' tí
Cat mór liath
Tháinig sé isteach
Cad a rinne na luchóga?
Rith siad amach.

Canann an Mactíre
Le hÁine Ní Ghlinn

Rachaidh mé ag siúl sa choill
Ag siúl sa choill
Ag siúl sa choill
Rachaidh mé ag siúl sa choill
ag lorg mo bhricfeasta

B'aoibhinn liomsa muicín beag
Muicín beag
Muicín beag
B'aoibhinn liomsa muicín beag mar dhinnéar
nó bricfeasta
Cé hé sin ag siúl sa choill?
Ag siúl sa choill
Ag siúl sa choill
Cé hé sin ag siúl sa choill?
Sin é mo bhricfeasta

Rang 3

Please choose from one of the following poems for recital:

Ag Siopadóireacht

"Gabh siar go dtí a' siopa dom",
A dúirt mo mhamaí liom.
"Fá choinne pionta bainne
Agus builín d'arán donn,
Próca beag de chaife
Agus bosca de mhálaí tae,
Ó agus faigh na brioscaí céanna dom
A fuair tú dom inné".

Slaitín Draíochta
Le hÁine Ní Ghlinn

Tá slaitín draíochta agamsa
Déanaim spéir
Déanaim teach
Tá slaitín draíochta agamsa
Déanaim grian is gealach

Déanaim crainn agus réaltaí
Déanaim oíche
Déanaim lá
Le mo shlaitín draíochta gleoite
Déanaim tonntracha is trá

Déanaim raicéad leadóige
Déanaim liathróid's bróga peile
Ansin téann mo shlaitín beag I dtaisce
isteach im mhála scoile
leis na pinn luaidhe eile

An Abhainn

Éist le glór na habhann
Ag rince tríd an ghleann
Ritheann sí go haerach
Le gáire is le greann.

Léimeann sí thar chlocha
Isteach faoin droichead buí,
Ritheann sí amach arís
Go tapa ar a slí

Tugann sí deoch uisce
Don chapall is don bhó,
Ag rith gan stad gan staonadh
Go dtí an fharraige mhór.

Ruairí Rón
Treasa Ní Ailpín
Ruairí Rón Bhris sé a shrón:
Deora móra – "Och, ochón!"
Éist, a Ruairí, Éist, a stór!
Chuir Mamó fios Ar an Turtar Mór.
Beidh sé anseo Faoi cheann uair nó dhó,
Is cuirfidh sé cóir ort.
A stóirín ó

Rang 4

Please choose from one of the following poems for recital:

Coinín
Le E. Ó Tuathail

Bhí coinín donn ag súgradh
Ar maidin sa mhóinéar,
Ag preabadh ‘s ag casadh
‘S ag scinneadh tríd an bhféar.

Cluasa buí in airde
Eireaball bán ar crith,
Ach d’imigh sé as amharc
Gan fáth gan cúis ar bith.

An Spásaire

Ba mhaith liom dul don ghealach
Lá éigin, tar éis dinnéir.
Tiomáinfidh mé mo spáslong
Suas amach faoin spéir.

Fuair mé culaith spásaire,
Um Nollaig ó m’aintín.
Beidh an chulaith nua sin ormsa,
Is mo chóta mór báistí.

Nuair a shroichfimid an ghealach
Beidh picnic againn ann.
Beimid ansin ag ithe linn
Is ag breathnú ar an domhan.

Ní rachaidh mé rófhada ón long,
Ar eagla dul ar strae,
Ach baileoidh mé roinnt clocha
Sula suífidh mé chun tae.

Scéal na Muice
Le hÁine Ní Ghlinn

Thóg mé teach beag tuí
Bhí mé istigh ann i mo luí
Nuair a chuala mé an glór –
Glór an-gharbh
Glór ollmhór

Lig isteach mé
Lig isteach mé
A chara mo chroí
Nó séidfidh mé is
Leagfaidh mé do theach beag tuí

Ní haon chara é sin
Is mac tíre é! Ó bhó!
Cad chuige nár fhan mise
Sa bhaile
Le mo Mhamaí sa chró?

Fillfimid sa spáslong,
Go díreach tar éis an tae,
Mar ní mór dom bheith sa bhaile,
I mo leaba, roimh a naoi.
Le solas na gealaí.

An Zú
Seán Ó Dúrois
Níl rud ar bith chomh deas
Le turas chuig an zú;
Tugaim faoi deara
An rud is lú.

Is breá liom ainmhithe
An zú go léir–
Léim an liopaird
Búireach an bhéir.

An leon ardnósach
Hiéana ag gáire,
Piongain chiotach,
Moncaí gan náire.

An eilifint mhór
Ag luascadh a thruinc
Is grá liom gach rud
Ach boladh an scúinc!

Rang 5

Please choose from one of the following poems for recital:

An Seilide

Chaill mé mo theachín
Arsa an seilide bocht
Chaill mé mo theachín
Is é a bhí go docht

Nuair a dhúisigh mé ar maidin
Bhí mé fuar gan é
D'amharc mé i ngach áit
Ar dheis is ar chlé

Cé thóg mo theachín?
Arsa an seilide nocht
Cé thóg mo theachín?
Cé air a bhfuil an locht?

Brionglóid an tSeilide
Le hÁine Ní Ghlinn

Tá mé mór
Breathnaím isteach i súile an tsioráif
Scanraíonn mo scáil féin mé
Táimse mór

Tá mé scanrúil
Teitheann an leon uaim nuair a
Chloiseann sé mo ghlór ollmhór
Táimse scanrúil

Tá mé gasta
Faoi mo shliogán mór tá trófaithe is boinn is
Corn Rásaíochta an Domhain
Tá mé gasta

Is mise an Seilide Mór
An créatúr is mó, is gasta,
Is scanrúla ar domhan
Rithigí uaim

Codail go Sámh

Codail go sámh
A ghrá gheal mo chroí.
Beidh an oíche chugainn láithreach
Is an ghrian ina luí.

Codail go lá,
Mo stóirín geal féin.
Tá an londubh gan cheol
Is níl spideog sa spéir.

Codail go ciúin,
Mo mhuirnín beag féin.
Tá na réaltóga bána
Go hard, geal sa spéir.

Codail go sámh,
A ghrá gheal mo chroí.
Beidh an oíche chugainn láithreach
Is an ghrian ina luí

An Ghealach
Seán Ó Dúrois
Bí ag amharc ar an ghealach lán,
An laindéar lánchruinn soilseach bán,
Ar snámh ansin mar bhád sa spéir
Ag ceapadh réaltaí i nduibhe an aeir.

Nó tús gealaí – corránach caol –
Ar crochadh go hard os cionn an tsaoil,
Ag gearradh trí na néalta dubha
Lena faobhar snasta crua

Rang 6

Please choose from one of the following poems for recital:

Brionglóid an Leoin
Le hÁine Ní Ghlinn

Siúlaim tré ghairdín na ndaoine
Feicim coileáinín fir á thochas féin
Seanduine liath ag siúl suas agus síos ina chás
Déanann cailín damhsa dom
Caithim briosca chuici
Caochann sí súil orm
Tugaim bualadh lapa di
Sula mbuailim isteach sa bhialann
Áit a bhfaighim béile blasta
Sceallóga is méara linbh –
Béile a shásódh rí

Paitsín
Le Lionard Ó hAnnaidh

Ó, tá mo chroí bhriste
Faoi scamall is brón
Mar chaill mé mo mhadadh
Amuigh ar an ród.

Níor mhadadh go dtí é,
É beag agus deas,
Ba chuma leis báisteach,
Nó sneachta nó teas.

Bhí cion aige ormsa
Is grá agam dó.
Ní raibh madadh chomh breá leis
Ag aon duine beo.

Ach, d'fhan sé sa tsráid, lá,
Nuair a rith mé isteach,
Is ní fhaca mé Paitsín
Ón lá sin amach.

Ó, thabharfainn aon airgead,
Idir gheal agus bhuí,
Don duine a gheobhadh dom
Paitsín mo chroí.

Cúl an Tí

Tá Tír na n-Óg ar chúl an tí,
Tír álainn trína chéile,
Lucht ceithre chos ag siúl na slí
Gan bróga orthu ná léine,
Gan Béarla acu ná Gaeilge.

Ach fásann clóca ar gach droim
Sa tír seo trína chéile,
Is labhartar teanga ar chúl an tí
Nár thuig aon fhear ach Aesop,
Is tá sé siúd sa chré anois.

Tá cearca ann is ál sicín,
Is lacha righin mhothaolach,
Is gadhar mór dubh mar namhaid sa tír
Ag drannadh le gach éinne,
Is cat ag crú na gréine.

Sa chúinne thiar tá banc dramhaíl'
Is iontaisí an tsaoil ann,
Coinnleoir, búclaí, seanhata tuí,
Is trumpa balbh néata,
Is citeal bán mar ghé ann.

Is ann a thagann tincéirí
Go naofa, trína chéile,
Tá gaol acu le cúl an tí,
Is bíd ag iarraidh déirce
Ar chúl gach tí in Éirinn.

Ba mhaith liom bheith ar chúl an tí
Sa doircheacht go déanach
Go bhfeicfinn ann ar chuairt gealaí
An t-ollaimhín sin Aesop
Is é ina phúca léannta.

Sa Bhaile
Úna Leavy

Níl aon tinteán
mar do thinteán féin.

Croch suas do chóta,
bain díot do bhróga,
faigh cupán tae
agus suigh cois na tine.

Cuirtíní dúnta,
seanchlog ag bualadh,
gaoth ins an simléar ag cogar sa chiúnas.

An cat is an madra
'na gcodladh araon.
Níl aon tinteán,
Mar do thinteán féin

Rang 7

Abhainn ag Caint
le Peadar Ó hAnnracháin

Sruthán beag mé, sruthán beag mé,
Ó thaobh an chnoic a thagaim;
Is bím ag léimnigh is ag rith
Is am ar bith ní stadaim.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh;
Ach bhíos ag rith is tá mé ag rith
Is beidh mé ag rith i gcónaí.

Aoibhinn liomsa bheith ag rith
Ag gluaiseacht liom go sásta;
An t-uisce agam á thabhairt don mhuir
Le filleadh arís mar bháisteach.

Éistigí liom ag canadh poirt
Éistigí liom, a pháistí;
Éistigí liom ag canadh poirt
Is mé ag rith le fána.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh
Ach bhíos ag rith is táim ag rith
Is bead ag rith i gcónaí.

Rialacha Nua
Le hÁine Ní Ghlinn

Is mise an príomhoide nua
Druidigí bhur leabhair
Tá Bean Uí Bhriain san ospidéal
Í imithe glan as a meabhair

Beidh rialacha nua I bhfeidhm anois –
Cuid acu giota beag éagsúil
Níl cead aon leabhar a oscailt
Mura bhfuil sé iontach spéisiúil

Amach anseo ní bheidh againn
Ach cluichí, spórt is spraoi
Mairfidh am loin dhá uair a chloig
Agus ina dhiaidh sin rachaimid a luí

Anois osclaígí na boscaí lóin
Cad é seo a fheicim? Arán?
Tá deireadh le ceapairí ar scoil
Amárach tugaigí isteach milseáin
Ach cad faoi obair bhaile?
Uair a chloig nó dhó?
Ná bíodh aon imní oraibh
Tá deireadh leis go deo!

Mo Mháthair

Cé éiríonn ar maidín
Is mise im luí
Ag lasadh na tine
Is ag glanadh an tí?
Cé thagann don leaba
Ag rá liom éirí? –
— Mo mháthair.

Cé chuireann an bricfeasta
Chugam ar an mbord?
Cé a fhaigheann dom mo mhála
Mo leabhair is mo lón?
Nuair a bhímse ag imeacht
Cé a thugann dom póg? –
— Mo mháthair.

Cé a chuireann romham fáilte
Nuair a thagaim isteach?
Cé a thógann mo mhála,
Mo hata is mo bhrat?
Is cé a bhíonn go sásta
Nuair a bhímse go maith? –
— Mo mháthair.

Cé a bhíonn ar a cosa
I gcaitheamh an lae?
Cé a thugann ón tobar
An t-uisce don tae?
Cé a dhéanann an obair
Dár muintir go léir? –
— Mo mháthair.

Faoiseamh a Gheobhadsa
Máirtín Ó Direáin

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine
Ar oileán mara,
Ag siúl cois cladaigh
Maidin is tráthnóna
Ó Luan go Satharn
Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa
Seal beag gairid
I measc mo dhaoine,
Ó chrá croí,
Ó bhuairt aigne,
Ó uaigneas duairc,
Ó chaint ghontach,
Thiar ag baile.

SELECTION OF POEMS for Primary Schools

Primary 1

Foscail An Doras

Foscail an Doras is amharc isteach
Tóg an laiste is siúil isteach
Suigh ar an stól, is bí ag ól
Cad é mar atá tú ar maidin?

Cuimil do Bhosa

Cuimil do bhosa
Cuimil do bhosa
Suas agus síos
Dún do lámha
Oscail do lámha
Dún agus oscail arís

Dorn ar dhorn
Dorn ar dhorn
Suas, suas, suas
Buail do bhosa
Buail do bhosa
Thuas, thuas, thuas

Primary 2

Teidí Beag Buí

Teidí beag buí,
Ina shuí ar an stól.
Teidí beag buí,
Ag ithe agus ag ól.

Teidí beag buí,
Anseo i do shuí.
Teidí beag buí,
Teidí beag buí.

Léim Anois

Istigh sa sú tá an babaí cangarú
Léim anois
Léim anois
Léim anois go luath

Istigh sa sú tá an Mamaí cangarú
Léim anois
Léim anois
Léim anois go luath

Istigh sa sú tá an Dadaí cangarú
Léim anois
Léim anois
Léim anois go luath

Primary 3

An Trá

Bróga ar mo chosa
Cóta ar mo dhroim
Lámhainní ar mo lámha
Hata ar mo cheann
Dúnann Daid an doras
Is aoibhinn liom an lá
Triúir againn le chéile
Síos go dtí an trá

Feicim ar an bhealach
Bláthanna ag fás
Eitleáin ar eitilt
Bádannaí ag snámh
Tugaim liom mo liathróid
Buicéad agus spád
Déanaim caisleán láidir
Thíos ag bun na trá.

Nóiníní Bána

Nóiníní bána ar imeall na habhann
Rachaidh mé síos agus piocfaidh mé ceann
Ceann beag do Mháire agus ceann beag dom féin
Ceann beag do mo chairde ar oileán I gcéin

Déanfaidh mé slabhra deas bán agus órga
Déanta as nóiníní bána go leor
Beidh sé go hálainn anuas ar mo cheann
Mise i mo bhanríon ar imeall na habhann

Primary 4

Mo Mhadadh

Sin é mo mhadadh
Ina shuí ar an stól,
Bíonn sé ag ithe,
Bíonn sé ag ól.

Ólann sé bainne,
Is itheann sé arán,
Is deir sé 'bhuf', 'bhuf',
Nuair a bhíonn sé lán.

Seáinín ar an Rothar

Seáinín ar an rothar
Is é ag dul síos an bóthar
Seáinín ar an rothar
Aon, dó, trí

Seáinín ar an rothar
Thit sé ar an bhóthar
Seáinín beag ag caoineadh
Aon, dó, trí

Seáinín ar an leaba
A mhamaí leis an bladar
Seáinín ar an leaba
Aon, dó, trí

Seáinín beag ag gáire
Ag súgradh lena chairde
Seáinín beag ag gáire
Aon, do, trí

Primary 5

Stocaí

Stocaí le stríoca,
Cuid mhór le spotaí,
Stocaí ar gach dath
Sa bhogha báistí.

Caite le chéile
Sa mheaisín le ní
Sáite is báite
I spéirling mhór gaoith'.

Corrstocaí an líne,
Ag sileadh na ndeor,
A gcomrádaí slogtha
Ag ollphéist de niteoir.

Scamaill

Is maith liom scamaill,
Flas candaí na spéire,
Ba bhreá liom breith orthu
Is iad a bhlaiseadh le mo mhéara.
No b'fhéidir go luífinn síos orthu
Is leaba bhog a dhéanamh,
Agus dul ar thuras mistéire
Faoi theas teolaí na gréine.

Primary 6

An tOchtapas
Le Gabriel Rosenstock

Tá mé ocht inniu, arsa an tOchtapas
Is tá mo chairde ag teacht le haghaidh tae
Is breá liom bheith ocht, arsa an tOchtapas,
Beidh an chóisir againn ar a sé.

Tá mé ocht inniu, arsa an tOchtapas
Is tá mo chairde ag teacht le haghaidh tae,
Is breá liom bheith ocht, arsa an tOchtapas,
Ba sheachtapas mé inné!

Picnic

T-léintí is bristí ag brataíl,
An ghrian ag scoilteadh na gcloch,
Mo bhuachaillí beaga ag gáire,
Is ag súgradh le chéile lasmuigh.
Mise ag faire ón líne
Na héadaí ag léimneach le spraoi,
Na pionnaí ildaite sa chiseán,
Is brioscaí is crúiscín mór di.
Lúcháir ag líne na n-eadaí,
I gcúlghairdín gleoite mo thí,
Níl tada níos deise sa saol seo
Ná picnic faoin líne amuigh

Primary 7

An Dreoilín Teaspaigh
Le Gabriel Rosenstock

"Dáiríre, an maith leat an ceol sin?"
Arsa an dreoilín teaspaigh,
"An bhfuil mé maith mo dhóthain
Chun seinm os comhair easpaig?"

"Athem! Gheobhaimid an cigire,"
Arsa an bhóin Dé,
"Ní fiú faic mo thuairimse,
An dtuigeann tú mé!"

Tháinig an cigire-
An chuileog ghlas-
"Bhuel, ní thabharfainn duit onóracha,
An mbeifeá sásta le pas?"

An Samhradh

Grian mhór bhuí i lár na spéire,
Bristí gearra is spéaclaí gréine.
T- léine geala,
Ildaite go gleoite,
Is hataí mór' tuí
Nó sóiníní dóite!

Cluichí cois trá d'óg agus d'aosta,
I gciseán ar bhrat mór
Bhí gach rud don fhéasta:
Cácaí, torthaí,
Is líreacáin leáite.
Ach seachain an gaineamh ar
Mo cheapaire tráta!

Saoirse, spraoi, is scléip amuigh.
Agus málaí scoile faoi ghlas istigh

CHOICE OF POEMS FOR SECONDARY SCHOOLS

Year 8

Snáthaid an Phúca
Le Gabriel Rosenstock

"Tá pianta im chosa,"
Dúirt snáthaid an phúca.
Tháinig an dochtúir
"Seo dhá chiúibín siúcra;
Leigheasfaidh sé sin thú,
Ní bhfaighfidh tú bás,
Níl rud ar bith cearr leat-
Ach go bhfuil tú ag fás!"

Lámha

Lámha beaga ag péinteáil,
Lámha beaga á ní,
Lamha eile ag tarraingt
Agus lámha le cheile ag guí.

Lámha á n-oscailt is á ndúnadh,
Ag piocadh, ag gearradh,
Is ag scríobh.
Ag cuidiú is ag breith ar a gcairde
I gciorcal mór siamsa is spraoi.

Lámha ag obair is ag súgradh,
Ó mhaidin go duibhe na hoíche.
Caithfimid aire a thabhairt dóibh,
Anois cá bhfuil mo lámhainní?

Babóg Shíle

Tá bábóg ag Síle
Is í gléasta go deas
Faoi ghúna breá síoda
Agus cóta beag glas.

Is aoibhinn le Síle
Í a chur ina suí
Is a gruaig geal a chíoradh
Sula dtéann sí a luí.

Tá cion mór ag Síle
Ar a bábóigín féin;
Codlaíonn siad le chéile
Gach oíche den bhliain.

Teilifís
Le Gabriel Rosentock
(faoi m'iníon Saffron)

Ar a cúig a chloig ar maidin
Theastaigh an teilifís uaithi.
An féidir argóint le beanín
Dhá bhliain go leith?
Síos linn le chéile
Níor bhacas fiú le gléasadh
Is bhí an seomra préachta.
Gan solas fós sa spéir
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.
Anois! Sásta?
Ach chonaic sise sneachta
Is sioráf tríd an sneachta
Is ulchabhán artach
Ar faoileáil
Os a chionn.

Year 9

Fear lasta lampaí
le Máirtín Ó Direáin

Ní raibh sé mór an fear
Níor dheas a bhí ach gránna
Is cóip an bhaile mhóir
Ag fonóid faoi gan náire
Ach ghluais gan mhairg fós
Is ar chuaillí chuaigh in airde,
Ba dhraíodóir an fear beag
A raibh an solas ina ghlaic,
É ag tabhairt na gile leis
Ó lampa go lampa sráide

Báisteach

Cliop, clap, cliop,
Gan stad, Ar dhíon an tí.
Feairín beag le casúirín
Ag bualadh aon, dó, trí!

Táirní ina lámh aige,
Tá fuadar fíochmhar faoi,
Is foireann de dhaoine beaga
Ag cuidiú lena thaobh.
Cuid acu ag cnagadh
Ar ghloine is ar dhoirse.
Agus ghrúpa mór ag damhsa ,
Gan sos,
Ar bharr mo thí.

Bailithe leo ar maidin,
Scamaill is uirlisí.
Tá deora fágtha ar gach sceach,
Is sa chúl ghairdín – tulcaí

Éirígí, a Pháistí!

Éirígí, a pháistí!
Amach linn faoin aer;
Tá an ghrian gheal ag taitneamh,
Níl scamall sa spéir.

Tá gaoth bhog ag séideadh
Thar cnoc agus gleann,
Tá duilleoga ag damhsa
Ar sceach is ar chrann.

Tá úlla is sméara
Go tiubh ar gach craobh,
Tá bláthanna geala
Ag fás ar gach taobh.

Éirígí, a pháistí!
Amach linn faoin aer
Chun aoibhneas a bhaint
As an áilleacht go léir.

Titim na nDuilleog
Le Réamonn Ó Muireadhaigh

Mar ghiní óir
tá duilleogaí an fhómhair
ag soilsiú
i súil na gréine,
ag diúltú
i mbéal na gaoithe
titim.

Titim na duilleogaí,
ceann ar cheann,
ag dathú an fhéir,
gan fonn,
ag crothadh sa ghaoth,
ina luí
mar bhrat don talamh:
culaith an gheimhridh.

‘Siad blianta m’óige
na duilleogaí
ag titim go fras
gan bhlas
ar smior an chrainn.

Year 10

An Damhán Alla agus an Mhíoltóg

‘S é a dúirt an damhán alla le míoltóg bheag tráth,
“Ó, tar liom abhaile, a chréatúirín bhreá;
Tá grian gheal an tsamhraidh ag damhsa i mo theach,
Tá ithe is ól ann, nach dtiocfaidh tú isteach?”

Dúirt an créatúr díchéillí is í ‘g amharc isteach,
“Is tú croí na féile, is breá liom do theach!
Ach deirtear go mbíonn tú ag ithe ’s ag ól
Míoltóga mar mise, idir fhuil agus fheoil.”

’S é a dúirt an damhán alla (nach é a bhí glic!),
“Is bréag mhór, dar m’anam, is bréag sin, a mhic!
Tá fíon agus feoil ann, is prátaí go leor,
Is an té a bheadh marbh, go mbeadh sé arís beo!”

Bhal, mealladh an mhíoltóg le foclaí mar sin,
Dúirt sí: “Tá mé sásta, níl amhras faoi sin;
Ní fhanfaidh mé ach tamall!” is chuaigh sí isteach,
Ach níor chuala aon duine go dtáinig sí amach

Icarus
Le Réamonn Ó Muireadhaigh

As croí na gréine
le brúchtadh is le pléascadh
bhris an fharraige
ar an domhan daonna,
bhris anamacha in éadan na mbeann,
na cruacha glasa
na tonnta cúir,
na scaileoga ag rith thar cosa an tsaoil.

An marcach toinne
a d’éirigh aníos
as lár an aigéin
in éadan na gréine
d’fhan sé ar foluain
móimint shíoraí
is d’imigh as
i mbladhaire solais.

Cailín Béasach

Ní phlabann cailín béasach
An doras riamh;
Ní bhéiceann cailín béasach
Gan fáth, gan chiall;
Ní shleamhnaíonn cailín béasach
An staighre síos-
Nó sin é deir mo Mhamaí
Ar aon nós.

Ní fheictear cailín béasach
Gan a haghaidh a bheith glan;
Ní dhreapann cailín béasach
In airde ar chrann;
Ní luascann sí ar gheataí,
Nó sin é deir mo Mham-
An ndéanann cailín béasach
AON RUD?

An Fómhair
Le Muiris Ó Riordáin

Féachaim i súile na ndaoine,
Na daoine idir óg agus aosta
Tá éisteacht le saothar na gaoithe
Ag lomadh na gcraobh ins na coillte.

Is chimes i súile mo chairde
Uaigneas faoi cheilt agus náire,
Caint gan teanga i láthair:
'Na ligimis orainn, a bhráthair.'

Ach tuigeann mo chairde mo chás-sa,
Is tuigid go dtuigim a scáfaireacht,
Mar is ionann cúis bhróin dúinn is náire
An t-am bheith ag brostú an bháis chugainn.

Féachaim i súile na ndaoine,
Na daoine idir óg agus aosta,
Tá á gciapadh anonn ins an oíche
Is iad ag éisteacht le saothar na gaoithe –
Le saothar na gaoithe.

Year 11.

Beach na Scoile

Imigh, a bheach bheag,
Chun aoibhnis an aeir;
Ná fan anseo a thuilleadh,
Ní ionad duit é.

Ní dhéanfá léitheoireacht;
Níorbh fhéidir leat scríobh;
Ní bhfaighfeá aon cheol uainn
Ná eolas na slí.

Ná creidse an léarscáil
'S na bréaga 'tá ann,
Níl fraoch ar a arda
Ná bláthanna ina ngleann.

Is na flóis bheaga 'chíonn tú
I bpictiúir an tí
Níl brí ina gcuisle
Ná mil ina gcroí.

Imigh go rí-mhear
Chun aoibhnis an aeir.
Ná fan anseo a thuilleadh,
Ní ionad duit é.

Samhradh
le Hector Rojas Herazo (translated by Áine Ní Ghlinn)

Rachaidh mé amárach ar maidin
dath liathchorcra á lorg agam sna páirceanna
is glacfaidh mé sos faoi chrann ard
le go ndéanfaidh mé comhaireamh
déanfaidh mé suimeanna móra ceolmhara
deich gcinn de mhéara ar mo lámh.
Is beidh mé ag faire ar na seangáin
bróg á creimeadh acu
faid is a bheidh na dreoilíní teaspaigh
i mbun oibre, eilitreon i ndiaidh eilitreoin,
dordán an lae á thógáil acu.

An Bioránach
Le Gabriel Rosenstock

Tá biorán ina shrón aige, tá biorán ina shrón (Tá, mo bhrón)
Ach is cuma, sé mo stór é – mo chéad míle grá
(Ní thig liom é a mhíniú … ní thuigim féin cén fáth).

Tá a chloigeann ar fad lomtha ach tá bobailín ar barr (Díreach sa lár)
Ach is cuma, sé mo stór é – mo chéad míle grá
(Más fiaile i dtuairim chách é, i mo shúile féin is bláth).

Tá muince mheirgeach lann aige thart ar a mhuiníl
("Stíl!" dar leis, "stíl!")
Ach is cuma, sé mo stór é – mo chéad míle grá
(Glacaim leis mar a fhaighim é gan má ar bith ná dá….)

Níl Béarla aige ná Gaeilge ná teanga ar bith eile
(Níl aige ach seile)
Ach is cuma, sé mo stór é – mo chéad mile grá
(Tá mé sásta é a léiriú agus sásta é a rá).

Géibheann
Le Caitlín Maude (1941 – 1982)

Ainmhí mé
Ainmhí allta
As na teochreasa
A bhfuil clú agus 37áil
Ar mo scéimh

Chroithfinn crainnte na coille
Tráth
le mo gháir

ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine
chuile lá
a dhéanfaidh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

Year 12

Oileanaigh
Le Clíodhna Cussen

Bíonn siad ag damhsa go fóill istoíche
Ag béal na trá,
Ag casadh is ag casadh,
Ildaite faoi sholas glinn na gealaí
Mar a bhíodh muidne ag damhsa fadó
Is na fidil i dtiúin le lapadaíl na mara –
Fadó nuair a bhíodh nithe níos soiléire ná mar atá
Bhí muid ag fanacht is ag fanacht is ag fanacht
Ar an bhád bán a tháinig ró-mhinic.

Taisí anios muid, fós ar na carraigeacha breaca
Cois cladaigh, mar a chumascann an fear
Leis na slatacha mara
Idir talamh slán an oileáin
Agus ríocht na sáile,
Muid ag faire idir sholas agus clapsholas
Ar an bhád bán
Atá ag teacht, cinnte, cinnte, cinnte.

An Canaerí

Bhí éanadán ag Seán Ó Riain,
Is cheannaigh sé canaerí
Ó ghasúr deas a bhí 'na rang,
Dárbh ainm Tadhg Ó Laoghaire.

Bhí áthas mór ar Sheán Ó Riain
Nuair a thug sé an t-éan abhaile,
Chuir sé é san éanadán
Is chroch é ar an bhalla.

Fuair sé bosca beag den síol
A itheann gach canaerí,
Is chuir sé méisín uisce isteach
Mar a chomhairligh Tadhg Ó Laoghaire.

B'ionadh leis nár chan an t-éan,
Mar a chanann gach canaerí;
Níor tháinig uaidh ach "sea, sea, sea,"
Is d'ith sé síol go craosach.

Nigh an t-éan é féin ansin,
Is rith an dath go léir de;
Ní raibh san éan ach gealbhán donn –
Mí-ádh ar Thadhg Ó Laoghaire!

Na Tabhair Aon Rud Le hIthe Dóibh!
Le Gabriel Rosenstock

Léim spásfhirín go beo isteach im leabasa aréir,
"Cad as ar tháinig tusa? Díreach anuas ón spéir?"
"Bog isteach!" ar seisean, "tá mé préachta leis an bhfuacht-
Aon rud maith ar an mbosca?" "Tá' arsa mise, 'An Nuacht!"

"Bhuel cuir ar siúl láithreach é!" arsa an spásfhirín ag crith,
"Agus tabhair dom rud éigin le hithe – táim stiúgtha – rud ar bith!"
Fuair mé ceapaire feola dó agus d'amharc sé ar faoi dhó:
"Tá brón orm," arsa an spásfhirín, "rud ar bith ach bó."

Fuair mé pláta pónairí dó, sailéad agus rís
Agus d'alp sé siar an t-iomlán ag amharc ar an teilifis:
Agus chuala mé an léitheoir nuachta: TÁ FIRÍNÍ I mBAILE ÁTHA CLIATH-
ACH NÍ DHÉANFAIDH SIAD DOCHAR DÁ LAGHAD DUIT
MÁ CHOINNÍONN TÚ AMACH IAD Ó BHIA.

Fill Arís
Le Seán Ó Ríordáin (1916-1977)

Fág Gleann na nGealt thoir,
Is a bhfuil d'aois seo ár dTiarna i d'fhuil,
Dún d'intinn ar ar tharla
Ó buaileadh Cath Chionn tSáile,
Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom
Is an bóthar fada, bain ded mheabhair
Srathair shibhialtacht an Bhéarla,
Shelley, Keats is Shakespeare:
Fill arís ar do chuid,
Nigh d'ainm is nigh
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh
'Bhí bunoscionn le d'éirim:
Dein d'fhaoistin is 39éin
Síocháin led ghiniúim féinig
Is led thigh-se féin is ná a threabh a thréigean.
Téir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,
Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,
Is an tuiseal gairmeach ar bhéalaibh daoine:
    Sin é do dhoras,
    Dún Chaoin fé sholas an tráthnóna,
    Buail is osclófar
    D'intinn féin is do chló ceart.